



Achomharc arna thabhairt an 21 Lúnasa 2025 ag Ríocht na Spáinne i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Seachtú Dlísheomra Méadaithe) a tugadh an 11 Meitheamh 2025 i gCás T-681/22, an Spáinn v an Coimisiún

(Cás C-562/25 P)

(C/2025/5210)

Teanga an cháis: an Spáinnis

Páirtithe

Achomharcóir: Ríocht na Spáinne (ionadaí: M. J. Ruiz Sánchez, Gníomhaire)

Páirtithe eile sna himeachtaí: an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann Ríocht na Spáinne ar an gCúirt Bhreithiúnais:

- Seasamh leis an achomharc i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta an 11 Meitheamh 2025 i gCás T-681/22, *an Spáinn v an Coimisiún*.
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1614 ⁽¹⁾ ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2022 lena gcinntear na limistéir iascaireachta domhainfharraige atá ann cheana agus liosta a bhunú de na limistéir inarb eol nó inar dócha éiceachórais mhuirí leochaileacha a bheith a chur ar neamhní, a mhéid lena mbunaítear liosta limistéar arb eol go bhfuil nó ar dócha go bhfuil éiceachórais mhuirí leochaileacha iontu, dá dtagraítear in Airteagal 2 agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis, agus, go teagmhasach agus mar mhalairt air sin, a dhearbhu go bhfuil Airteagal 9(6) agus (9) de Rialachán 2016/2336 ⁽²⁾ neamhbhailí, de bhun Airteagal 277 CFAE.
- Mar mhalairt air sin, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnas breise.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear earráid dlí maidir le léiriú an bhunrialacháin (Rialachán 2016/2336) agus phrionsabal na comhréireachta i ndáil le tionchar an gléas iascaireachta éighníomhach.

1. Earráid dlí maidir le léiriú an bhunrialacháin agus phrionsabal na comhréireachta i ndáil leis na gcoincheap ‘éiceachórais mhuirí leochaileach’ agus le caighdeán an drochthionchair shuntasaigh.
2. Earráid dlí maidir le léiriú an bhunrialacháin agus phrionsabal na comhréireachta i ndáil leis an lánrogha a thugtar don Choimisiún Eorpach agus leis an athbhreithniú ar a fheidhmiú agus le saobhadh na fianaise.

An dara saincheist dlí, lena n-éilítear earráid dlí maidir le léiriú an bhunrialacháin agus phrionsabal na comhréireachta i ndáil leis an modh chun réimsí a chinneadh.

An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear earráid dlí maidir le rialacha an Chomhbheartais Iascaigh á gcur i bhfeidhm.

⁽¹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1614 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2022 lena gcinntear na limistéir iascaireachta domhainfharraige atá ann cheana agus liosta a bhunú de na limistéir inarb eol nó inar dócha éiceachórais mhuirí leochaileacha a bheith, IO L 242, 19.9.2022, lgh. 1-141.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2016/2336 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 lena mbunaítear coinníollacha sonracha maidir le stoic dhomhainfharraige a iascach san Atlantach Thoir Thuaidh agus forálacha maidir le hiascaireacht i bhfarraigí idirnáisiúnta an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2347/2002 ón gComhairle, IO L 354, 23.12.2016, lgh. 1-19.